



## Athbhreithniú ar Oideachas sa Ghaeltacht

### 1. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa doiciméad seo ar a bhfuil i gceist ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht d'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar a polasaí i leith an oideachais i scoileanna Gaeltachta. Leagtar amach anseo cúlra, réasúnaíocht agus tearmaí tagartha an athbhreithnithe.

### 2. Cúlra

*An tAcht Oideachais, 1998*

Aithnítear san *Acht Oideachais, 1998* go bhfuil cúram faoi leith ar scoileanna Gaeltachta agus ar an gcóras oideachais i gcoitinne i dtaca leis an nGaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht. Sainítear an cúram breise sin, i dtaca le scoileanna, faoi *Alt 9(h)*, den Acht, a deir gur ceann de na cúraim atá ar scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta ‘cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail’.

Sainítear an cúram atá ar na hinstiúidí tacaíochta oideachais i gcoitinne, faoi *Alt 6(j)* den Acht céanna, a deir go bhfuil sé de chúram ar ‘Gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh ...cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Gaeltachta.’

*Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*

Tá sé mar thosaíocht ag an Rialtas líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go hinniúil maraon leis an líon daoine a bhaineann úsáid laethúil as an teanga a mhéadú. Tá todhchaí na Gaeilge mar theanga bheo ag braith ar an mhian agus an spreagadh a chothaítear inár bpáistí agus inár ndaoine óga chun an teanga a úsáid agus a labhairt ar bhonn laethúil. Tá sé criticiúil mar sin go leanfadh na ceantair Gaeltachta ar aghaidh mar phobail bheo labhartha na Gaeilge.

Athdhearbhaíonn an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* tiomantas an Rialtais d’athfhorás agus do bhuanú na Gaeltachta mar phobal inmharthana labhartha na Gaeilge. Tá sé leagtha amach go soiléir sa straitéis go mbeifear ag súil go mbeidh áit lárnach ag an oideachas i gceantair Gaeltachta san iarracht náisiúnta chun pobail Gaeltachta a chaomhnú. Aibhsítear sa straitéis gur féidir le scoileanna ról criticiúil a imirt i bhforbairt inniúlacht teanga sa Ghaeilge agus i leathnú úsáid na teanga d’fhonn buaine agus marthanacht na bpobal Gaeltachta a chinntiú.

Tugann an straitéis tús áite, ach go háirithe, do ghníomhartha a thacaíonn le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge i gceantair agus i scoileanna Gaeltachta mar seo a leanas:

- Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthantacht na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlai sa Ghaeltacht;

- Aithníonn an Rialtas na dúshláin agus na deiseanna faoi leith a bhaineann le freastal ar riachtanais leanaí lena mbaineann cumais teanga éagsúla i scoileanna Gaeltachta;
- Leanfar de bheith ag tabhairt deise do gachdalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (REOG)<sup>1</sup> iniúchadh ar na socruithe oiriúnacha don soláthar sin i gcúinsí athraitheacha gach limistéir Ghaeltachta agus cuirfear i bhfeidhm iad;
- Is gnéithe tábhachtacha d'athneartú na Gaeilge iad foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim réamhscoile. Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge. Léiríonn an taighde ar fad sa réimse seo gur sna luathbhlianta is fusa teanga nua a shealbhú. Éascófar saoráidí réamhscoile le gné Ghaeilge a thairiscint agus le timpeallacht a bheidh fabhrach i leith na Gaeilge a chruthú do leanaí óga;
- Déanfar socruithe struchtúrtha cuí, i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar struchtúir na gCoistí Gairmoideachais<sup>2</sup> ar bhonn náisiúnta chun soláthar a dhéanamh d'oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge ar fud an Stáit, lena n-áireofar sa Ghaeltacht, agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad i ngaelscoileanna ábalta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn laethúil agus go nglacfar le cur chuige comhtháite ó thaobh seirbhísí cúnta, comhairleacha agus tacaíochta a chur ar fáil do ghaelscoileanna chun go soláthrófar na seirbhísí sin i nGaeilge nuair is féidir;
- Beidh sé fós ina pholasaí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta;
- Déanfar athbhreithniú ar an soláthar tumoideachais ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa Ghaeltacht;
- Déanfar soláthar freisin do dhianchúrsaí samhraidh/tráthnóna do scoláirí iar-bhunscoile sa Ghaeltacht a dteastaíonn breis tacaíochta uathu;
- Déanfar scéimeanna a fheidhmíonn an REOG chun tacú leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht (amhail tacaíochtaí do chuntóirí Gaeilge agus tacaíochtaí eile i scoileanna Gaeltachta, chomh maith leis an scéim cuairteanna baile ar mhaithe le tacaíocht teanga) a neartú i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

#### *Dúshláin a ghabhann le hoideachas trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta*

Tá na saincheisteanna atá le cur san áireamh agus cíoradh á dhéanamh ar sholáthar mar seo casta, agus, ar ndóigh, tá cur síos leathan déanta orthu. (Aguisín A):

- Go minic, bíonn lucht labhartha na Gaeilge sna pobail Ghaeltachta scaipthe go gann. Le tamall anuas de bharr cúinsí eacnamaíocha, tá cainteoirí Gaeilge tar éis a bpobail féin a fhágáil chun poist a lorg i gceantair uirbeacha, agus anuas air sin, tá daoine gan Ghaeilge agus páistí nach bhfuil Gaeilge nó Béarla mar theanga theaghlaigh acu ag cur fúthu i gceantair Ghaeltachta.
- Cuid mhór de na scoileanna sna ceantair Ghaeltachta tá siad beag go leor, go háirithe ag an mbunleibhéal. Níl ach idir 1-3 oide ar na foirne teagaisc i níos mó ná dhá thrian de na bunscoileanna Gaeltachta agus 1-4 oide i 79% de na scoileanna sin, líon atá i bhfad níos airde ná coibhneas na scoileanna beaga sa tír ina hiomláine. Is é 77 an

<sup>1</sup>An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta roimhe seo mar atá luaite sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

<sup>2</sup>Tá Boird Oideachais agus Oilíúna (BOO) ag gabháil in ionad na gCoistí Gairmoideachais anois.

mheánuimhir atá ar rollaí sna 132 bunscoileanna sa Ghaeltacht. De réir Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, tá na scoileanna is lú suite sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil labhairt na Gaeilge níos forleithne agus go bhfuil an céatadán is airde de na daltaí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu sna scoileanna céanna.

- Tá difríochtaí suntasacha le sonrú idir méid na n-iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, mar shampla, tá líon an-bheag ar rollaí scoileanna ar oileáin Ghaeltachta (i.e. 4 agus 26) agus ag an am céanna, d'fhéadfadh idir 450-500 scoláirí a bheith ar rollaí scoileanna i mbailte seirbhíse Gaeltachta. Is í 207<sup>3</sup> an mheánuimhir ar rollaí sna 26 iar-bhunscoil sa Ghaeltacht.
- Ní daonra aonchineálach é an daonra a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta; i gcás roinnt páistí labhraítear an Ghaeilge go minic sa bhaile, ní hí an Ghaeilge an phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile i gcásanna eile agus tagann grúpa eile ar scoil gan aon taithí nó gan mórán taithí acu ar labhairt na Gaeilge.
- Cruthaíonn an ilchineálacht teanga seo dúshlán sách mór maidir le deiseanna polasáí soiléir cinnte a fhorbairt ar bhonn náisiúnta agus ag leibhéal na scoileanna. Bíonn tionchar ag an ilchineálacht teanga seo ar chumas na scoile agus na dtuismitheoirí sin a labhraíonn Gaeilge faoin gcaoi inar féidir leo úsáid fhorleathan na teanga a chothú sa scoil, sa bhaile agus sa phobal, go háirithe nuair a bhíonn cainteoirí Gaeilge ina mionlach sa phobal. Tuairiscíonn 104 as 135 bunscoil sna ceantair Ghaeltachta go ndéantar teagasc trí Ghaeilge. Tuairiscíonn 19 as 26 iar-bhunscoil go múineann siad trí Ghaeilge<sup>4</sup>.
- Tá fianaise ar fáil go bhfuil caighdeán na hinniúlachta sa Ghaeilge labhartha tar éis titim go suntasach i measc scoláirí sna ceantair Ghaeltachta (Harris et al, 2006; Mac Donncha et al, COGG, 2005). Léirigh tuairisc Harris gur thit caighdeán na Gaeilge labhartha go suntasach i measc daltaí i mbunscoileanna Gaeltachta idir 1985 agus 2002. Léirigh suirbhé (Mac Donnacha et al, 2005) a choimisiúnaigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) sa bhliain 2004 gur chríochnaigh an ceathrú cuid de na daltaí ina iomláine a dtréimhsí bunscolaíochta sa Ghaeltacht agus gan ach máistreacht mheasartha bainte amach acu sa teanga agus gur fhág 10% díobh an bhunscoil agus gan ach beagán Gaeilge acu. Léirigh an suirbhé céanna go raibh líofacht mheasartha bainte amach ag beagnach an cúigiú cuid de mhic léinn ardeistiméireachta in iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht agus nach raibh ach fíorbheagán Gaeilge ag 10% eile. Fiú sna ceantair Ghaeltachta ina labhraítear Gaeilge go rialta, bhí leibhéal íseal líofachta ag 7% de na scoláirí ardeistiméireachta. Ina theannta sin, léiríonn an taighde ar shealbhú na Gaeilge i measc cainteoirí dúchais na Gaeltachta (Ó Giollagáin, Ó Curnáin & Péterváry, le foilsiú go luath) go bhfuil ag teip ar chainteoirí óga an Ghaeilge a shealbhú go leibhéal an chainteora dúchais.
- Tá fianaise ann go mbaineann daltaí úsáid níos leithne as Béarla ná Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide i dtromlach na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna réigiúin sin ina mbaintear an úsáid is leithne as Gaeilge (Mac Donncha et al, 2005).
- Tá an líon daltaí a labhraíonn Gaeilge ó dhúchas ina mhionlach atá ag dul i laghad i measc an iomláin ar rollaí i líon níos mó de na bunscoileanna Gaeltachta. Thug torthaí na *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Scoileanna trí Mheán na Gaeilge* (Gilleece et al., Foras Taighde ar Oideachas, 2012) le fios gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha sa bhaile ag an gcúigiú cuid de dhaltaí rang a dó agus ag an gceathrú cuid de dhaltaí rang a sé i scoileanna Gaeltachta. Léiríonn staidéar eile (Ní Shéaghdha: COGG, 2010) i dtaca le daltaí atá ag freastal ar scoileanna sna pobail

<sup>3</sup> Bunaithe ar fhilleacháin ó scoileanna go ROS don scoilbhliain 2011/2012

<sup>4</sup>Bunaithe ar fhilleacháin ó scoileanna go ROS don scoilbhliain 2011/2012

Ghaeltachta i dTír Chonaill, Gaillimh agus Ciarraí ina mbaintear an úsáid is leithne as Gaeilge mar theanga an phobail<sup>5</sup>, nach labhraíonn ach 60% de dhaltaí (níos lú ná 1000 dalta) an Ghaeilge mar chéad teanga<sup>6</sup>. Léirítear difríochtaí suntasacha idir na ceantair Ghaeltachta seo maidir le húsáid na Gaeilge mar chéad teanga i measc na ndaltaí atá cláraithe i mbunscoileanna. Cé go labhraíonn os cionn dhá thrian díobh siúd atá ag freastal ar bhunscoileanna sna ceantair Ghaeltachta is láidre i nGaillimh, Gaeilge mar chéad teanga, ní bhaineann ach beagán níos mó ná an ceathrú cuid de na daltaí sna scoileanna seo i nGaeltacht Chiarraí an úsáid chéanna as an nGaeilge, mar chéad teanga.

- Ní mór aird a dhíriú ar cheist na roghanna a bhíonn ag tuismitheoirí. I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, déanann tuismitheoirí cinneadh comhfhiósach scolaíocht trí mheán na Gaeilge a lorg dá bpáistí mar bíonn rogha scoileanna sa cheantar ann de ghnáth. Go minic, bíonn scoileanna Gaeltachta suite in áiteanna iargúlta faoin tuath agus ní bhíonn an raon céanna roghanna de scoileanna malartacha ar fáil do thuismitheoirí.

### 3. Dul chun cinn maidir le Forfheidhmiú Ghníomhartha Oideachais sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) i bhforfheidhmiú ghníomhartha oideachais sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* a bhaineann le curaclam, measúnú agus oideachas múinteoirí. Tá forfheidhmiú na ngníomhartha seo ag tarlúint in éineacht le forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011), forbairtí in oideachas múinteoirí tosaigh (OMT), agus athchóiriú na sraithe sóisearaí in iar-bhunscoileanna.

*Áiríonn na príomh-ghnóthachtálacha sa tábla thíos:*

- Tá curaclam teanga bunscoile comhtháite nua á fhorbairt ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a sholáthróidh torthaí foghlama ar leith atá ag tógáil ar *Aistear*<sup>7</sup> do theagasc agus do fhoghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla do dhaltaí i scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge.
- Tá raon na n-acmhainní agus na n-ábhar oideachais don teagasc trí Ghaeilge feabhsaithe go mór ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), a mhaoinítear ag ROS. Cuirfidh comhshuíomh COGG leis an CNCM le cumas COGG san obair seo trí ligean d'fhorbairt na gcuraclam ag CNCM agus d'fhorbairt na n-ábhar i nGaeilge ag COGG tarlúint ar bhealach atá comhordaithe go dlúth.
- Mar chuid den tsraith shóisearach nua, tá curaclam leasaithe don Ghaeilge á fhorbairt ag CNCM agus beidh sé seo ar fáil i Meán Fómhair na bliana 2014. Ina theannta sin, d'iarr an tAire ar CNCM gearrchúrsa speisialta sa Ghaeilge na sraithe sóisearaí a sholáthar le húsáid i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. D'iarr an tAire ar CNCM freisin comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi inar féidir freastal ar

<sup>5</sup>Tá na scoileanna seo suite i gceantair Ghaeltachta ina labhraíonn níos mó ná 67% den phobal Gaeilge go laethúil, dar le taighde a rinne Ó Giollagáin et al i 2007, *Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations*, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

<sup>6</sup>Dar le príomhoidí scoileanna a ghlac páirt i dtaighde a rinne Ní Shéaghdha (2010) *Taighde ar Dhea-Chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú/Sealbhú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

<sup>7</sup>*Aistear*: Creachuraclam na Luath-Óige, do pháistí uile na tíre ó bhreith go sé bliana, a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i 2009.

riachtanais scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge trí athchóiriú ar bith a dhéanamh ar an siollabas/sonraíocht don Ghaeilge sa tsraith shinsearach.

- Don chéad uair, i Meitheamh na bliana 2012, bhí trialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge ar fáil agus in úsáid i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá pleananna ann trialacha dá leithéid a chur ar fáil le húsáid in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ag deireadh na dara bliana.
- Tá raon de bheartais um oideachas múinteoirí ar bun chun tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge. Leanann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí de thacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Ina theannta sin, tugann COGG tacaíocht do sholáthraithe chun cúrsaí a sholáthair atá sainiúil do riachtanais na múinteoirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Leanann an diplóma iarchéime sa teagasc trí Ghaeilge in Ollscoil Éireann, Gaillimh (OÉG) de chinntiú go bhfuil soláthar ann de mhúinteoirí d'iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Bhí deis ag múinteoirí atá ann cheana féin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a gcuid inniúlachta le feidhmiú i gcomhthéacsanna oideachais trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn trí rannpháirtíocht ar chláir chúí iarchéime ag leibhéal na máistreacht. Tá ROS ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann ar thionscnamh thuaidh/theas a dhéanann soláthar do chothú na ngníomhaíochtaí foghlama cumaisc do mhúinteoirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta, agus comhroinnt ar shamplaí dea-chleachtais agus ar acmhainní maidir leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht.
- Tá pleanáil á déanamh ag ROS anois chun beartais bhreise a thabhairt isteach maidir le hoideachas múinteoirí a láidreoidh soláthar d'oideachas trí mheán na Gaeilge. Áiríonn siad seo soláthar de mheascán de roghanna ar an láthair agus ar líne don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

#### 4. Réasúnaíocht don Athbhreithniú

Tá sé riachtanach go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scoileanna athbhreithniú ar a polasáid i leith an tsoláthair a dhéantar d'oideachas i scoileanna Gaeltachta le bheith cinnte go bhfuil sé ag teacht le riachtanais na bpobal Gaeltachta agus le forálacha *An Acht Oideachais, 1998*; chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus polasaithe oifigiúla eile, agus chun dea-phleanáil ar aghaidh i gcomhair soláthar an oideachais i gceantair Ghaeltachta a chumasú. Is casta iad na ceisteanna sochtheangeolaíochta agus oideachasúla a bhaineann leis an soláthar an oideachais trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus is gá mionanailís a dhéanamh orthu sula dtugtar faoi pholasaithe nó tionscnaimh a mheá agus cinntí a dhéanamh. Ag cur san áireamh an éagsúlacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge mar theanga laethúil na cumarsáide idir phobail Ghaeltachta agus taobh istigh díobh, mar aon le próifílí teangeolaíochta difriúla na ndaltaí/scoláirí taobh istigh de scoileanna agus idir scoileanna, is cosúil nach mbeadh cur chuige amháin feiliúnach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bpobal áitiúil Gaeltachta ná ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sna scoileanna.

Ghlac an tAire le moladh ó oifigigh sa Roinn Oideachais agus Scoileanna gur chóir mionanailís a dhéanamh ar an gceist seo. D'fhógair an Rúnaí Ginearálta go raibh sé ar intinn ag an Roinn an anailís seo a dhéanamh ina aitheasc ag *Comhdháil Oideachais Gaelscoileanna agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta* ar 23 Samhain, 2012.

Tá an t-athbhreithniú ag dul ar aghaidh i gcomhthéacs ina mbeifear ag súil go n-ullmhóidh gach pobal Gaeltachta plean teanga agus go ndéanfaidh sé soiléiriú ar a stádas mar cheantar

Gaeltachta de réir forálacha *Acht na Gaeltachta 2012*<sup>8</sup>. Baineann ceann amháin de na critéir atá inmhianaithe chun aitheantas mar phobal Gaeltachta a bhaint amach le fairsinge an tsoláthair atá ar fáil do theagasc trí mheán na Gaeilge i scoileanna sa phobal i gcomhréir le polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna.

I scoileanna Gaeltachta agus i bpobail Ghaeltachta tá stádas na Gaeilge ag éirí níos leochail de réir a chéile. Mar shampla, tá líon na ndaltaí bunscoile a labhraíonn Gaeilge mar chéad teanga faoi bhun 1000 sna ceantair Gaeltachta is treise (Ní Shéaghdha 2010).

Tá sé tábhachtach mar sin go ndéanfadh an Roinn soiléiriú ar a polasaí i leith oideachais trí mheán na Gaeilge chun treoir agus cúnamh a thabhairt do phobail Ghaeltachta agus iad ag tabhairt faoin bpróiseas pleanála.

## 5. Téarmaí tagartha an Athbhreithnithe

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo ná chun roghanna a aithint i dtaca le soláthar oideachais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Gaeltachta lena mbaineann próifílí teangeolaíochta éagsúla, agus chun ionchais agus polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna a shoiléiriú maidir le teagasc trí Ghaeilge sna scoileanna áirithe seo. Déanfar imscrúdú freisin ar chomhordú na seirbhísí luath-óige trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta agus ar an tionchar atá ag na seirbhísí luath-óige ar earnáil na mbunscoileanna. San athbhreithniú seo, cuirtear san áireamh faisnéis atá ar fáil cheana féin taobh istigh agus taobh amuigh den Roinn chomh maith le faisnéis nua a bhaileofar i dtaca le cleachtas reatha na scoileanna.

Le linn an athbhreithnithe, tabharfar faoi:

- athbhreithniú ar an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun treoir a chur ar fáil maidir leis na múnlaí éagsúla oideachais teanga lárnaíthe is oiriúnaí don chomhthéacs Gaeltachta, agus go háirithe sna limistéir Ghaeltachta sin a bhfuil líon suntasach cainteoirí dúchais fós ar marthain iontu.
- léargas reatha a fháil ar sholáthar na réamhscolaíochta taobh istigh de na ceantair dhifriúla Ghaeltachta ag cur san áireamh líon agus láithreacha na n-aonad, na cleachtas agus polasaithe atá acu maidir le cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí Gaeilge, na seirbhísí tacaíochtaí teaghlaigh atá ar fáil, más ann dóibh, an meán teagaisc/nósmhaireacht teanga (Gaeilge, Béarla nó dátheangach), próifílí teanga na bpobal ina bhfuil na haonaid lonnaithe maraon le cúlra teanga agus inniúlacht na gcleachtóirí luath-óige;
- faisnéis reatha a bhailiú maidir le scolaíocht don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal i ngach ceantar Gaeltachta ag cur san áireamh líon agus láithreacha na scoileanna, méid na scoileanna (líon múinteoirí/páistí), an meán teagaisc iontu (Gaeilge, Béarla, dátheangach), próifílí teanga na bpobal ina bhfuil na scoileanna lonnaithe, cúlra teanga agus inniúlacht Ghaeilge na múinteoirí agus, i gcás na n-iar-bhunscoileanna, struchtúr an teagaisc trí Ghaeilge (scoil uile, aonad nó sruth);
- anailís a dhéanamh ar an soláthar agus an éileamh ar oideachas réamhscolaíochta, bunscoile agus iar-bhunscoile trí Ghaeilge sna ceantair agus na riachtanais a bheidh iontu sa todhchaí a aithint agus a chur in iúl;

<sup>8</sup> Tá an méid ama atá ar fáil chun próisis *Acht na Gaeltachta (2012)* a chríochnú sách fada. Tá sé i gceist go mbeidh tréimhse suas le sé mhí ar fáil d'eagrais phobail sa Ghaeltacht chun iarratais a dhéanamh ar aitheantas mar cheantar pleanála teanga, mar bhaile seirbhíse Gaeltachta nó mar ghréasán teanga. Tá dhá bhliain ceadaithe chun pleananna teanga a fhorbairt agus seacht mbliana chun iad a chur i gcrích.

- leas a bhaint chomh fada agus is féidir as foinsí ábhartha taighde, sonraí agus faisnéis atá ar fáil cheana féin d'fhonn an t-athbhreithniú a chur i gcrích go dlúsach;
- roghanna pleanála agus forbartha ag leibhéal an chórais ina iomláine maraon le roghanna pleanála, bainistíochta, teangeolaíochta agus oideolaíochta ag leibhéal na scoile a aithint chun tacaíocht a thabhairt do mhúineadh an churaclaim trí mheán na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Gaeltachta le próifílí teangeolaíochta éagsúla. Tabharfaidh na roghanna seo aird ar:
  - (i) stádas na Gaeilge i bpobal na scoile
  - (ii) na hacmhainní /na háiseanna atá ar fáil
  - (iii) polasaí agus cleachtas a ghabhann le teagasc trí theanga mhionlaigh i gcomhthéacsanna sochttheangeolaíochta inchomparáide idirnáisiúntacé gur deacair suíomh inchurtha le staid na Gaeilge in Éirinn a aithint
  - (iv) cleachtas reatha i dteagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta
  - (v) an poitéinseal atá ag teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar trí mheán na Gaeilge sna scoileanna seo, ag cur san áireamh eiseamláirí reatha comhoibrithe trasteorainn ar úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga
  - (vi) na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do scoileanna agus cén seirbhísí díobh siúd a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge do scoileanna Gaeltachta;
- imscrúdú a dhéanamh ar chomhordú na seirbhísí luath-óige trí mheán na Gaeilge agus ar an tionchar atá ag na seirbhísí sin ar an gcóras bunscolaíochta;
- cur síos a dhéanamh ar chéimeanna tacaíochta do chleachtas múinteoirí (sa bhreis ar na céimeanna a fógraíodh le déanaí) a bheadh ag teastáil chun feabhas a chur ar theagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta;
- dul i gcomhairle leis an nGrúpa Ardleibhéal don Oideachas a bunaíodh faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* maidir leis na téarmaí tagartha agus le torthaí na dréacht-tuarascála, agus le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le réitigh agus céimeanna poitéinsiúla polasaí, a chabhróidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

## 6. Tascanna an Athbhreithnithe

Le linn an athbhreithnithe déanfar:

- cuardach tosaigh ar shonraí/taighde i bhfoinsí ábhartha (m.s. ROS, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Foras Taighde ar Oideachas (FTO), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann (DENI) chun a fháil amach céard é an raon sonraí/taighde ata ar fáil don athbhreithniú
  - ~ Príomhfhreagracht: An Chigireacht i gcomhar leis an Rannóg Beartas um Cháilíochtaí Churaclam agus Measúnacht (QCAP) agus REOG
  - ~ Amscála: Lúnasa- Samhain, 2013
- mapáil na sonraí atá ar fáil ó bhunachair na Roinne do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus, nuair is cuí, ó thuairiscí cigireachta ar áiseanna scoile, ar abhantracha scoileanna agus ar fhairsinge/leitheadúlacht sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge/mheán an Bhéarla maraon le staitisticí daonra i sonraí daonáirimh 2011

~Príomhfhreagracht: Aonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde na Cigireachta i gcomhairle leis an Aonad Pleanála agus Tógála, an Rannóg Staitisticí agus an Rannóg um Phleanáil ar Aghaidh.

~Amscála: Ráithe 4, 2013

- mapáil na sonraí atá ar fáil cheana féin ó bhunachair DAHG/Údarás na Gaeltachta agus ó fhoinsí eile (POBAL, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, na Coistí Cúram Leanaí ábhartha) maidir le soláthar seirbhísí réamhscolaíochta i gceantair Ghaeltachta agus a chinntiú go bhfuil na sonraí is déanaí ar fáil.  
~Príomhfhreagracht: REOG/Údarás na Gaeltachta  
~Amscála: Ráithe 4, 2013
- suirbhé a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le réitigh agus bearta polasaí féideartha chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le soláthar oideachais réamhscolaíochta sa Ghaeltacht.  
~Príomhfhreagracht: REOG/Údarás na Gaeltachta  
~Amscála: Ráithe 1, 2014
- athbhreithniú ar litríocht, ar pholasaithe náisiúnta agus ar chleachtas ábhartha i limistéir eile i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta atá inchurtha leis na ceantair Gaeltachta, cé gur deacair a leithéid de cheantar a aithint, i dtaca le soláthar do theangacha mionlaigh sa chóras oideachais agus le teagasc trí theanga mhionlaigh in ionaid réamhscolaíochta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Leanfaidh an t-athbhreithniú seo de réir mar is gá chun taighde a dhéanamh ar sholáthar oideachais sna múnlaí éagsúla tumoideachais agus Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (CLIL) i limistéir taobh amuigh de na ceantair ina labhraítear an sprioctheanga.  
~ Príomhfhreagracht: COGG chun comhordú a dhéanamh  
~ Amscála: Ráithe 4, 2013
- suirbhé ar líne de na páirtithe leasmhara maidir le réitigh agus bearta polasaí féideartha a chabhródh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le soláthar oideachais sa Ghaeltacht ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile  
~ Príomhfhreagracht: COGG chun comhordú a dhéanamh  
~ Amscála: Ráithe 1, 2014
- roinnt cás-staidéir ar chleachtas trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le próifílí teangeolaíochta éagsúla d'fhonn cleachtas éifeachtach i leith soláthair do oideachas trí mheán na Gaeilge a aithint. (Beidh gá le machnamh sa bhreis a dhéanamh ar fhócas na hoibre seo i bhfianaise an taighde agus na hanailíse a rinneadh níos luaithe). Tabharfaidh na cás-staidéir deiseanna chun dul i gcomhairle trí fhocasghrúpaí agus grúpaí sainspéise araile le páirtithe leasmhara ábhartha atá bainteach leis an oideachas Gaeltachta, mar shampla cleachtóirí, tuismitheoirí, príomhoidí, boird bhainistíochta scoileanna, lucht pleanála teanga agus araile  
~ Príomhfhreagracht: An Chigireacht  
~ Amscála: Ráithe 1, 2014
- forbairt ar raon na roghanna polasaí do sholáthar le haghaidh oideachais i scoileanna Gaeltachta.  
~Príomhfhreagracht: Grúpa Oibre na ROS don Ghaeilge  
~Amscála: Ráithe 2, 2014



## **7. Tuarascáil an Athbhreithnithe**

Déanfaidh Tuarascáil Deiridh an Athbhreithnithe rianú ar na roghanna éagsúla polasaí a bheidh ar fáil don Roinn i dtaca leis an soláthar oideachais i scoileanna Gaeltachta don todhcháí.

## AGUISÍN

## FOINSÍ

- Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A., & Millar, D. (2012). *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge. Príomhthuarascáil*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. [http://www.erc.ie/documents/naims\\_príomhthuarascail.pdf](http://www.erc.ie/documents/naims_príomhthuarascail.pdf) (tuairisc dhátheangach)
- Harris, J.; Forde, P.; Archer, P.; Nic Fhearaile, S. & O' Gorman, M. (2006) *Irish in Primary Schools: Long-term National Trends in Achievements*, Department of Education and Science. (tuairisc dhátheangach)
- Mac Donnacha, S.; Ní Chualáin, F.; Ní Shéaghdha, A. & Ní Mhainín, T. (2005), *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. <http://www.cogg.ie/downloads/Gaeltacht%20achóimre2.pdf> (tuairisc dhátheangach)
- Máirtín, C. (2006) *Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge: Bunachar Sonraí agus Tuairimí Príomhoidí i leith Gnéithe den Staid Reatha sa Ghaelscolaíocht*, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C., Ó Curnáin, B. & Péterváry, T. (le foilsiú go luath) *Bilingual Competence of Young Native Speakers in the Gaeltacht*, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. (tuairisc dhátheangach)
- Ó Giollacháin, C.; Mac Donnacha, S.; Ní Chualáin, F.; Ní Shéaghdha, A. & O' Brien, M. (2007) *Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations*, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. (tuairisc dhátheangach)
- Ó Duibhir, P. (2006) *Oideachas na Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge*, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. (tuairisc dhátheangach)
- Ó Flatharta, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. (tuairisc dhátheangach)
- Ní Shéaghdha, A. (2010) *Taighde ar Dhea-Chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú/Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.